

Iasc nua-aimsithe ainmnithe as amhránaí Gaeltachta

Ainmníodh *Leporinus enyae* as an amhránaí clúiteach Gaeltachta Enya, as Gaoth Dobhair, toisc gur in abhainn an Orinoco, teideal amhráin dá cuid, a fuarthas é

Ainmníodh speiceas nua éisc a d'aimsigh eolaithe in Ollscoil Stáit Oregon i Meiriceá as an amhránaí Gaeltachta Enya le deireanas.



Tháinig na heolaithe ar an “éiscín beag gleoite” *Leporinus enyae* in Abhainn Orinoco agus bheartaigh ainm an amhránaí as Gaoth Dobhair, a d'éisigh an t-amhrán *Orinoco Flow* sa bhliain 1988, a thabhairt air.

Dúirt Michael Burns, príomhúdar an pháipéir ina gcuirtear síos ar an speiceas nua, go mbíodh eolaí eile, Ben Frable, i gcónaí ag casadh amhrán Enya agus iad ag obair ar na héisc.

“Chuala mé an t-amhrán chomh minic sin gur greamaíodh i mo chloigeann é. Ansin thosaigh mé ag éis-teacht leis d’aon turas nuair a bhí mé ag tomhas na n-iasc. Nuair a tháinig an t-am le hainm a thabhairt orthu, bhraith mé gur cheart an t-iasc álainn seo as an Orinoco a ainmniú as an gceoltóir a scríobh an t-amhrán álainn sin,” a dúirt údar eile an pháipéir, Marcus Chatfield.

Is cláirseoir Ceilteach é duine eile de na heolaithe a d’oibrigh ar an staidéar, Brian Sidlauskas, príomheolaí na n-iasc san Ollscoil, agus dúirt go bhfuil dúil mhór ag an bhfoireann i gceol bhean na Gaeltachta.

Tá Abhainn Orinoco i Veiniséala i Meiriceá Theas. Bhí na heolaithe i mbun staidéir ar na cineálacha éisc atá le fáil in aibhneacha éagsúla ar fud na Mór-Roinne, f0-aibhneacha de chuid na hAmasóine ina measc.

Tháinig siad ar dhá speiceas nua sa ghéineas *Leporinus* – an ceann a ainmníodh as Enya, agus an *Leporinus villasboasorum* a ainmníodh as Orlando, Cláudio agus Leonardo Villas-Bôas, a throid le cearta na mbundúchasach timpeall Abhainn Xingu a chosaint leathchéad bliain ó shin.

Tá tuairim is 90 speiceas éagsúla sa ghéineas *Leporinus* agus tá a bhformhór mór acu le fáil ar fud Mheiriceá Theas.

“Cheap muid go mbeadh sé éasca go leor breathnú ar líon na n-iasc atá cosúil lena chéile in abhantrach an Orinoco i Veiniséala, in Abhainn Essequibo sa Ghuáin, agus in abhainníní beaga a eascraíonn as an Amasóin sa Bhrasaíl go bhfeicfeadh muid an raibh gaol eatarthu. Mar a tharlaíonn sé, tá ar a laghad dhá speiceas iomlán nua ann, agus d’fhéadfadh i bhfad níos mó a bheith ann,” a dúirt Sidlauskas.

Tá an *Leporinus enyae* réasúnta beag, idir 20 agus 25 ceintiméadar ar fad, ach tá éisc sa ghéineas céanna a fhásann suas go 60 ceintiméadar. Ciallaíonn *leporinus* “giorria beag”, ag tagairt do na fiacla móra a ghobann amach óna mbéal, mar a bhíonn ar choiníní.

Eisíodh *Orinoco Flow* i 1988 mar phríomhamhrán ar an albam *Watermark*, an dara halbam a chuir Enya amach. Bhí sé ag barr na gcairteacha sa Bhreatain ar feadh trí seachtaine agus ainmníodh do dhá ghradam Grammy é.

Teachtaireacht i mbuidéal ó Ghaeltacht Dhún na nGall tagtha i dtír san Iorua tar éis ocht mbliana

Caitheadh buidéal ó bhád iascaigh 50km amach ó chósta Árainn Mhór i mí Feabhra 2009 mar chuid d'imeacht tiomsaithe airgid don bhád tarrthála de chuid an RNLI atá lonnaithe ar Árainn Mhór

Bhí Aileen Proctor i measc an leathchéad duine a sheol teachtaireachtaí i mbuidéal ón oileán Gaeltachta, Árainn Mhór i nDún na nGall. Cé gur tháinig a bhformhór acu sin i dtír sna seachtainí i ndiaidh a seolta, ar chóstaí Dhún na nGall, Shligigh agus na hAlban, níor aimsigh buidéal Proctor talamh tirim go dtí an Cháisc seo caite.



Caitheadh na buidéal ó bhád iascaigh 50km amach ó chósta Árainn Mhór mí Feabhra 2009 mar chuid d'imeacht tiomsaithe airgid do bhád tarrthála an RNLI atá lonnaithe in Árainn Mhór.

Chuaigh buidéal Proctor, a raibh teachtaireacht thíos ann faoi obair an bháid tarrthála chomh maith le heolas faoin áit agus an dáta ar caitheadh i bhfarraige an buidéal.

Ba é Peter Lefstad Dalsbø a d'aimsigh an buidéal san Iorua, gar dá theach saoire in Hustadvika in iarthar na tíre, aimsir na Cásca i mbliana, os cionn ocht mbliana ó seoladh é. Lean Dalsbø na treoracha a bhí thíos ann agus chuir an buidéal 'abhaile' chuig stáisiún an RNLI in Árainn Mhór.

Is minic a thugann an fharraige teachtaireachtaí anonn is anall ó Thír Chonaill go háiteanna i bhfad i gcéin as Éirinn. Anuraidh tháinig buidéal i dtír ar an gCarraig Fhinn sa Ghaeltacht. Chaith daltaí scoile ón Rancocas Friends School in New Jersey sna Stáit Aontaithe buidéal an duine isteach san Atlantach agus teachtaireacht phearsanta i ngach aon cheann acu.

Margaret Gillespie a d'aimsigh ceann acu agus a sheol freagra ar ais tar éis di teacht ar an mbuidéal ag deireadh mhí Iúil anuraidh.

An samhradh roimhe sin arís, tháinig an 'Red Storm', báidín beag a sheol daltaí scoile i Maine i Meiriceá i dtír in Árainn Mhór. Mánas Ó Luathairí agus a dheartháir Conall a d'aimsigh an bád.

Bhí an bheirt deartháireacha ag obair i gColáiste Árainn Mhór ar an oileán Gaeltachta agus grúpa Gaeilgeoirí amuigh leo nuair a tháinig siad uirthi.

Cuireadh an bád chun farraige ag Georges Bank i Maine sna Stáit Aontaithe ar an 6 Feabhra 2015. Mar chuid de thogra scoile a cuireadh chun farraige í agus ar bord bhí méaróg chuimhne agus rianaire a choinnigh cuntas ar aistear an bháid. Tháinig sí i dtír in Éirinn an 31 Iúil 2015.